C/2026/6037

16.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12603 — EQT FUNDS / INTERTEK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6037)

1. An 9 Samhain 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EQT Fund Management S.à.r.l. ('EFMS', Lucsamburg), faoi úinéireacht EQT AB ('EQT', an tSualainn),

— Intertek Group Plc ('Intertek', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh EFMS rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Intertek ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 18 Meitheamh 2026.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é EFMS bainisteoir cistí infheistíochta malartacha EQT X, ciste infheistíochta príobháideach atá i ngrúpa cistí EQT. Tá EFMS faoi úinéireacht aonair EQT. Tá cuideachtaí punainne chistí EQT gníomhach ar fud limistéir gheografacha éagsúla, lena n-áirítear LEE, i dtionscail éagsúla, amhail tomhaltóirí, fuinneamh agus comhshaol, cúram sláinte, réadmhaoin, seirbhísí, teicneolaíocht agus lóistíocht iompair,

— Soláthraíonn Intertek seirbhísí dearbhaithe, tástála, cigireachta agus deimhnithe. Tá sé gníomhach den chuid is mó sa Ríocht Aontaithe, i Meiriceá Thuaidh, san Astráil, sa tSín, i Hong Cong agus in LEE.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12603 — EQT FUNDS / INTERTEK

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË